

17.1 Maigh Locha Sráidbhaile Beagfháis

17.2 Comhthéacs Sráidbhaile

Tá sráidbhaile Mhaigh Locha suite 52km soir ó thuaidh ó Chathair na Gaillimhe. Téann an N63 isteach chuig an sráidbhaile ó threo thiar theas ó Mhainistir Chnoc Muaidhe. Tá sráidbhaile Mhaigh Locha suite díreach 5km ón gCreagán. Trasnaíonn an príomhbhealach Náisiúnta (N63) agus an príomhbhealach réigiúnach R364 ag Maigh Locha chun crosbhóthar a chruthú ag lár an tsráidbhaile. Is sráidbhaile dlúth tuaithe é seo, le nasc láidir leis an gCreagán, sráidbhaile tuaithe níos mó, go háirithe chun leas a bhaint as na háiseanna iar-bhunscoile sa Chreagán mar níl meánscoil féin ag Maigh Locha. Cé go bhfuil sráidbhaile Mhaigh Locha beag, coimeádann sé go leor de na seirbhísí riachtanacha nach bhfuil ag sráidbhailte eile. Ina measc seo tá Stáisiún Garda, Oifig an Phoist agus ionad pobail.

17.3 Pobail Inbhuanaithe

17.3.1 Tithíocht

Mar aon le lonnaíochtaí eile den mhéid céanna, cuirfear meascán de chineálacha agus de mhéideanna tithe laistigh den sráidbhaile chun cinn sa phlean sráidbhaile seo. I sráidbhaile Mhaigh Locha tá cineálacha agus méideanna tí éagsúla ann cheana féin. Áirítear leis seo patrún lonnaíochta líneach ar na bóithre isteach chuig an sráidbhaile. De ghnáth, bíonn bungalónna agus tithe cónaithe dhá stór sna haonaid chónaithe seo atá suite laistigh de cheapacha móra. Tá áitribh de chineál sraithe suite i gcroílár an tsráidbhaile agus tá roinnt cóiríochta cónaithe suite os cionn aonad tráchtála atá ann cheana. Tá meascán de thithíocht de chineál bruachbhailte ann freisin a bhfuil rochtain orthu ón N63 lena n-áirítear Meadow Court, na hÚlloird, na Plandlanna agus The Dales.

Bheadh sé inmhianaithe go ndéanfaí athnuachan leanúnach ar mhaoin laistigh de Chroílár an tsráidbhaile agus ba cheart go mbeadh dearadh ardchaighdeán d'fhorbairt tithíochta inlíonta agus ba cheart go mbeadh aghaidheanna nua nó athsholáthair ag teacht le carachtar foriomlán na príomhshráide.

Tá sé tábhachtach freisin go ndéantar carachtar tuaithe, oidhreacht agus taitneamhachtaí nádúrtha an tsráidbhaile a chothabháil agus a fheabhsú agus nach gcuirtear as dóibh.

Is iad na príomhshuímh d'fhorbairtí nua tithíochta ná ceantair atá gar do chroílár an tsráidbhaile ina bhfuil naisc leis an sráidbhaile, de shiúl na gcos.

17.3.2 Oideachas

Is í Scoil Naomh Pádraig an bhunscoil chomhoideachais áitiúil sa sráidbhaile. Níl aon mheánscoil áitiúil sa sráidbhaile, tá an bhunscoil is gaire suite sa Chreagán.

17.3.3 Áiseanna Pobail

Tá dea-raon áiseanna pobail á chur le fáil cheana féin i Maigh Locha. Ina measc seo tá bunscoil; séipéal; ionad sláinte; creis; Stáisiún na nGardaí; Oifig an Phoist; Páirc imeartha agus clós súgartha Mhaigh Locha. I bhfianaise mhéid agus shuíomh tuaithe an tsráidbhaile, tá go leor áiseanna pobail á gcur ar fáil don phobal.

Tá méadú tagtha ar an daonra sa lonnaíocht agus sa chúlchríoch máguaird le blianta beaga anuas agus leis seo, cuirtear éilimh bhreise ar bhonneagar agus ar shaoraidí pobail an tsráidbhaile. Tá sé tábhachtach

go spreagtar áiseanna nua gnó a chur ar bun i gcroílár an tsráidbhaile agus nuair is féidir, go bhfeabhsaítear na saoráidí pobail atá ann cheana.

Féachfaidh an plean seo leis na háiseanna pobail reatha a chosaint agus an raon áiseanna spóirt atá ar fáil sa sráidbhaile a leathnú.

17.3.4 Comhshaol agus Oidhreacht

Tá go leor áiseanna pobail i sráidbhaile Mhaigh Locha i dtéarmaí páirceanna imeartha, clós súgartha do leanaí agus áiseanna creise chomh maith le hionad pobail. Mar sin féin, tá easpa spáis oscailte éighníomhach agus tírdhrechtú i lár an tsráidbhaile agus timpeall air. Freastalaítear go maith ar an sráidbhaile le soilsiú sráide agus cosáin ach tá easpa ann maidir leis an méid tírdhreacha boga atá ar phríomhshráid atá sách leathan agus is í páirceáil an ghné is mó. Ina theannta sin, tá cearnóg mhór a úsáidtear mar charrchlós mar an ghné is suntasaí ar an gcrosbhóthar sa sráidbhaile ar thaobh amháin. Meastar go bhféadfadh feabhsuithe ar an ríocht phoiblí sa suíomh seo cur go mór le timpeallacht mhaireachtála an tsráidbhaile tuaithe seo.

17.3.5 Lár an tSráidbhaile agus Gnó & Fiontar

D'fhás Maigh Locha timpeall an chrosbhóthair i lár an tsráidbhaile. Is é Eaglais Naomh Pádraig an ghné is suntasaí den chrosbhóthar atá suite laistigh de phlota mór ar an taobh thiar theas den chrosbhóthar. Is áit bheag, dhlúth agus thuithe é lár an tsráidbhaile i Maigh Locha. Tá roinnt maoinne tráchtála i lár an tsráidbhaile atá imithe i léig thar na blianta.

Mar sin féin, tá roinnt comharthaí dearfacha ann de ghníomhaíocht tráchtála i lár an tsráidbhaile i Maigh Locha. Mar shampla, tá an siopa troscáin Coppinger in áit chúinne fheiceálach ar shuíomh thoir thuaidh an chrosbhóthair. Tá éadan dúbailte ar an áitreabh seo agus dá bhrí sin tá láithreacht aige ar phríomhbhealach náisiúnta an N63 agus ar Bhóthar Chill Choirín ó thuaidh. Tá roinnt siopaí áise áitiúla i lár an tsráidbhaile freisin. Tá oifig an phoist sa sráidbhaile fós i bhfeidhm agus le déanaí tugadh cead pleanála laistigh den aonad tadhlaigh lena n-áirítear caifé ilchineálach agus forbairt chónaithe a chuirfidh go mór le lár an tsráidbhaile.

Spreagfar úsáidí den chineál Gnó agus Fiontar i lár an tsráidbhaile. Beidh criosú Gnó agus Fiontar ann don fhoirgneamh stórais atá in aice leis an mbunscoil reatha, rud a sholáthródh roinnt fostaíochta áitiúla a bhfuil géarghá léi, gan dochar a dhéanamh do thaitneamhacht chónaithe.

17.4 Seirbhísí agus Bonneagar

17.4.1 Soláthar Uisce

Tá soláthar uisce phoiblí ar fáil. Freastalaíonn soláthar uisce phoiblí ar an sráidbhaile. Tá soláthar uisce phoiblí ar fáil do na tailte go léir a shainnítear d'acmhainneacht forbartha.

17.4.2 Fuíolluisce

Freastalaíonn córas cóireála fuíolluisce cathrach ar an sráidbhaile. Tá acmhainn laistigh den líonra chun freastal ar fhorbairt atá beartaithe.

17.4.3 Iompar agus Gluaiseacht

Is é an príomhbhealach artaireach tríd an sráidbhaile ná Príomhbhóthar Náisiúnta N63 Gaillimh - Ros Comáin. Tagann sé isteach sa sráidbhaile ó threo thiar theas ó Mhainistir Chnoc Muaidhe agus casann sé siar ó dheas agus é ag fágáil Maigh Locha agus ag druidim leis an gCreagán atá thart ar 5KM soir ó dheas ó Mhaigh Locha. Trasnaíonn an N63 an R364, lena gcruthaítear an crosbhóthar i lár shráidbhaile Mhaigh Locha. Tugtar Bóthar Chill Choirín ar an gcuid ó thuaidh den R364 ag Maigh Locha agus tugtar Bóthar an tSéipéil ar an gcuid ó dheas den bhóthar. Éiríonn an N63 níos leithne i sráidbhaile Mhaigh Locha chun freastal ar pháirceáil ar na sráideanna. Tá carrchlós suite ag an gcrosbhóthar sa sráidbhaile. Soláthraíonn seirbhísí bus poiblí nasc laethúil le turais fhillte go cathair na Gaillimhe do chónaitheoirí áitiúla.

17.5 Tuile

Maidir le tailte laistigh den sráidbhaile atá i mbaol tuilte, éileoidh an Chomhairle ar aon fhorbairtí atá beartaithe cloí leis an gCóras Pleanála agus na Treoirínte um Bainistíocht Riosca Tuilte d'Údarás Phleanála (RCORÁ, 2009) agus Imlitir PL2 / 2014 agus aon leasú orthu. Féadfaidh an Chomhairle, ag féachaint do chineál agus scóip na forbartha, a cheangal go ndéanfar Measúnacht Riosca Tuile a chur isteach, de réir mar is iomchuí, chun oiriúnacht tograí forbartha a mheas. Tá léarscáil tuile aitheanta do Mhaigh Locha agus tá sé de réir na dtreoirínte agus na himlitreach dá dtagraítear thuas.

Cuspóirí an Bheartais Chríosaithe um Úsáid Talún do Mhaigh Locha (Maigh Locha Sráidbhaile Beag háis- MSGV)

MSGV 1 Lár an tSráidbhaile Inbhuanaithe

Forbairt shráidbhaile Mhaigh Locha a chur chun cinn, mar thimpeallacht dhian, ardchaighdeán, le dea-thírdhrechtú, de réir scála daonna agus inrochtana, le meascán iomchuí úsáidí, lena n-áirítear úsáidí cónaithe, tráchtála, seirbhíse, turasoíreachta, fiontair, poiblí agus pobail de réir mar is cuí, a chuireann raon seirbhísí miondíola, áiseanna agus taitneamhachtaí ar fáil don phobal áitiúil agus do chuariteoirí ar na sráidbhaile. Leanfaidh lár an tsráidbhaile agus an phríomhshráid ghaolmhar de bheith ina phríomhfhócas do ghníomhaíochtaí miondíola agus seirbhíse laistigh de na ceantair phlean seo.

MSGV 2 Pobail Chónaithe Inbhuanaithe

Forbairt tailte iomchuí agus seirbhísithe a chur chun cinn chun soláthar a dhéanamh do phobail chónaithe inbhuanaithe ar ardchaighdeán, a bhfuil dea-leagan amach agus dea-thírdhrechtú air, le meascán iomchuí de chineálacha agus dlúis tithíochta, mar aon le húsáidí talún comhlántacha ar nós áiseanna pobail, seirbhísí áitiúla agus saoráidí iompair phoiblí, chun freastal ar dhaonra cónaithe plean lonnaíochta Mhaigh Locha. Taitneamhachtaí cónaithe reatha a chosaint agus forbairt nua inlíonta atá comhoiriúnach agus deartha go cuí a éascú, de réir pleanála cirte agus forbartha inbhuanaithe de limistéar an phlean. Cónaí os cionn an tsiopa a spreagadh go háirithe, rud ar féidir leis cur le beogacht an chroíláir agus gníomhaíocht a leathnú níos faide ná uaireanta gnó.

MSGV 3 Forbairt agus Seirbhísí Itiúla

Forbairt áiseanna agus seirbhísí áitiúla a spreagadh agus tacú leo chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil.

MSGV 4 Iseanna Pobail

Tacú le háiseanna breise pobail a sholáthar agus le háiseanna an chlós súgartha a chothabháil, faoi réir na n-acmhainní a bheith ar fáil.

MSGV 5 Forbairt agus Seirbhísí Itiúla

Éascú a dhéanamh ar leathnú na seirbhísí agus na ngnóthaí áitiúla atá ann nuair is iomchuí agus chun soláthar deiseanna fostaíochta áitiúla breise a éascú de réir phleanáil cheart agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair.

MSGV 6 Fiontair ar Scála Beag

Soláthar forbartha tráchtála agus fostaíochta sa sráidbhaile a spreagadh agus deiseanna a sholáthar d'fhiontair nua-thionscanta ar scála beag go háirithe ar thailte in aice leis an mbunscoil atá ann cheana agus a bhfuil criosú gnó agus fiontar acu.

MSGV 7 Oibreacha Feabhsúcháin ar an

Éascú a dhéanamh ar chur i gcrích oibreacha feabhsúcháin sráid-dreacha faoi réir acmhainní a bheith ar

MSGV 8 Bonneagar Poiblí a Leathnú

Tacú le leathnú an bhonneagair poiblí laistigh den sráidbhaile de réir mar is.

MSGV 9 Nascacht leis an Shraidbailte

Ba cheart go mbeadh forbairtíua dea-chomhtháite leis an sráidbhaile reatha agus go ligfeadh siad do.

MSGV 10 Láithreán Deise

Athfhorbairt chuí an láithreán deise a shaináithnítear thíos a chur chun cinn, a spreagadh a chuirfidh le beogacht agus carachtar Ghleann na Madadh.

OPT- MO 1 Láithreán Mhaigh Locha.


Cur síos Achomair: Suíomh mór folamh i lár Shráidbhaile Mhaigh Locha.


Achar: Tá an láithreán thart ar 0.87 HA

Criosú: Tá an láithreán seo criosaithe ar Lár an tSráidbhaile. **Úsáid Talún Reatha:** Folamh.

Deis: Tá an láithreán suite ar an taobh thuaidh den bhóthar go dtí an Creagán (N63). Bheadh an príomhbhealach rochtana ón gcúinne thoir theas den láithreán, ach d'fhéadfadh go mbeadh pointí rochtana breise féideartha ón taobh thoir (R364), thiar theas tríd an N63.

Tá acmhainneacht mhór ag an láithreán d'fhorbairt sa todhchaí. Tá roinnt forbairtí déanta le déanaí tadhlach leis an láithreán seo le roinnt blianta anuas agus cuireadh aonaid chónaithe agus creis leis. Tá criosú Lár an tSráidbhaile ar an láithreán deise áirithe seo a d'fhéadfadh forbairt chomhlántach bhreise a sholáthar le cur leis an meascán forbartha atá ann cheana sa chomharsanacht.








-  Teorainn Ionraíochta
-  Cónaithe atá ann cheana
-  R - Cónaithe (Céim 1)
-  R -Inlíonadh Cónaithe
-  LS - Lár an tSráidbhaile
-  GF - Gnó & Fiontar
-  AP - Áiseanna Pobail
-  SO - Spás Oscailte/Áineas & Áiseanna
-  BI - Bonneagar Iompair
-  Limistéar Caomhantais Ailtireachta
-  Suíomh Deise






**Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028**

**Sráidbhaile Beagfháis
Maigh Locha
Criosaithe Úsáide Talún**




**Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council**



-  Teorainn Ionraíochta
-  Críos Tuile Táscach C
-  Táscach Báistiúil RMPT
-  RMPT Foircneach Báistiúil
-  Uisce

**Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028**

**Sráidbhaile Beagfháis
Maigh Locha
Bainistíocht Riosca Tuilte**



**Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council**